2025/844

30.4.2025

Ní bhíonn éifeacht dhlíthiúil ach ag téacsanna bunaidh CEE-NA faoin dlí poiblí idirnáisiúnta. Ba cheart stádas agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a sheiceáil sa leagan is déanaí de dhoiciméad stádais CEE-NA TRANS/WP.29/343, doiciméad atá le fáil ag: https://unece.org/status-1958-agreement-and-annexed-regulations

Rialachán Uimh. 59 ó na Náisiúin Aontaithe – Forálacha aonfhoirmeacha maidir le córais ciúnúcháin athchuir a cheadú [2025/844]

Ina n-ionchorpraítear an téacs bailí go léir suas go dtí:

Sraith leasuithe 03 – Dáta teacht i bhfeidhm: 25 Meán Fómhair 2020

Is áis doiciméadúcháin amháin é an doiciméad seo. Is iad seo a leanas na téacsanna atá barántúil agus ceangailteach de réir dlí:

ECE/TRANS/WP.29/2015/63

ECE/TRANS/WP.29/2020/7

Ábhar

Rialachán

1. Raon feidhme
2. Sainmhínithe
3. Iarratas ar cheadú
4. Marcanna
5. Ceadú
6. Sonraíochtaí
7. Síneadh a chur le ceadú
8. An cineál córais ciúnaithe sceite a mhodhnú.
9. Comhréireacht táirgeachta
10. Faisnéis le haghaidh úsáideoirí agus le haghaidh cigireachta teicniúla
11. Pionóis mar gheall ar neamhchomhréireacht táirgeachta
12. Scor cinntitheach den táirgeadh
13. Ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, agus ainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe
14. Forálacha idirthréimhseacha

Iarscríbhinní

1 Cumarsáid

Aguisín - Doiciméad faisnéise Uimh. .... a bhaineann le cineálcheadú córas ciúnaithe sceite athchuir nó comhpháirteanna ciúnaithe sceite le haghaidh mótarfheithiclí (Rialachán Uimh. 59 ó na Náisiúin Aontaithe)

2 Leagan amach marcanna ceadaithe

3 Gaireas tástála

4 Pointí tomhais - cúlbhrú

5 Seiceálacha ar chomhréireacht táirgeachta

6 Faisnéis le haghaidh úsáideoirí agus le haghaidh cigireachta teicniúla

1. Raon feidhme

Cumhdaítear leis an Rialachán seo córais ciúnaithe sceite athchuir le haghaidh feithiclí de chatagóirí M_1 agus N_1. ([1])

2. Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo:

2.1. ciallaíonn '*córais chiúnúcháin*' tacar iomlán comhpháirteanna a bhfuil gá leo chun teorainn a chur leis an bhfuaim a chruthaíonn inneall mótarfheithicle, chomh maith le hiontógáil agus córas sceite mótarfheithicle;

2.2. ciallaíonn '*córas ciúnaithe sceite*' tacar iomlán comhpháirteanna a bhfuil gá leo chun teorainn a chur leis an bhfuaim a chruthaíonn inneall mótarfheithicle agus a sceithphíopa;

2.3. Ciallaíonn '*córas ciúnaithe sceite nó comhpháirt córais ciúnaithe sceite lena mbaineann geoiméadracht athraitheach*' córas ciúnaithe sceite nó comhpháirt córais ciúnaithe sceite ina bhfuil páirt ghluaisteach amháin nó níos mó, nó gaireas gluaisteach amháin nó níos mó a d'fhéadfadh, tríd an gcóras ciúnaithe sceite a athrú nó trí gheoiméadracht chomhpháirt an chórais ciúnaithe sceite a athrú, a fheidhmíocht laghdaithe torainn a athrú (e.g. páirteanna gluaisteacha nó gairis ghluaisteacha a athraíonn feidhmíochtaí laghdaithe torainn trí chomhla amháin nó níos mó a oscailt nó a dhúnadh sa sreabhadh gáis sceite mar fheidhm de dhálaí athraitheacha tiomána nó innill (isn, ualach, luas, etc.);

2.4. Ciallaíonn '*comhpháirt córais ciúnaithe sceite*' ceann de na comhpháirteanna ar leithligh arb é atá iontu i dteannta a chéile an córas ciúnaithe sceite (e.g. an ciúnadóir féin, cuasán borrtha, athshonadóir);

2.5. Ciallaíonn '*cineálacha éagsúla córas ciúnaithe sceite*' córais chiúnaithe sceite a bhfuil difríocht shuntasach eatarthu ó thaobh ceann amháin ar a laghad de na nithe seo a leanas de:

2.5.1. Trádainmneacha nó trádmharcanna a gcomhpháirteanna;

2.5.2. Saintréithe na n-ábhar a bhfuil a gcomhpháirteanna déanta díobh, cé is moite de bhratú na gcomhpháirteanna sin;

2.5.3. Cruth nó méid a gcomhpháirteanna;

2.5.4. Prionsabail oibriúcháin ceann amháin dá gcomhpháirteanna ar a laghad;

2.5.5. Cóimeáil a gcomhpháirteanna;

2.5.6. Líon na gcóras ciúnaithe sceite nó na gcomhpháirteanna;

2.6. ciallaíonn '*córas ciúnaithe sceite athchuir nó comhpháirteanna an chórais sin*' aon pháirt den chóras ciúnaithe sceite a shainítear i mír 2.2. thuas atá beartaithe lena húsáid ar fheithicil, seachas páirt den chineál arna fheistiú ar an bhfeithicil sin tráth a cuireadh isteach í le haghaidh cineálcheadaithe de bhun an Rialacháin seo;

2.7. Ciallaíonn '*fine dheartha córas ciúnaithe sceite athchuir nó comhpháirteanna córas athchuir*' córais chiúnaithe sceite nó comhpháirteanna díobh a bhaineann leis an bhfine dheartha chéanna más ionann na saintréithe go léir i gcomhréir le mír 6.4.1.;

2.8. Ciallaíonn '*ceadú córais ciúnaithe sceite athchuir nó comhpháirteanna an chórais sceite sin*' ceadú córais iomlán ciúnaithe sceite is féidir a oiriúnú do chineál sonraithe mótarfheithiclí amháin nó níos mó, nó ceadú cuid de chóras den chineál sin, maidir le teorainn a chur lena leibhéal torainn;

([1]) Mar a shainmhínítear sa Rún Comhdhlúite maidir le Déanamh Feithiclí (R.E.3), doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.7, mír 2 - https://unece.org/transport/standards/transport/vehicle-regulations-wp29/resolutions.

2.9. Ciallaíonn '*cineál feithicle*' catagóir mótarfheithiclí nach bhfuil éagsúil le chéile ó thaobh na gnéithe bunúsacha seo a leanas:

2.9.1. An cineál innill (adhaint dhearfach nó chomhbhrúite, dhá bhuille nó ceithre bhuille, loine fhrithingeach nó rothlach), líon agus toilleadh na sorcóirí, líon agus cineál na gcarbradóirí nó cineál córais insteallta, socrú na gcomhlaí, nó an cineál mótair leictrigh;

2.9.2. ciallaíonn '*glanchumhacht uasta rátaithe*' P_n cumhacht an innill arna sloinneadh in kW agus arna tomhas leis an modh de bhun Rialachán Uimh. 85 ó na Náisiúin Aontaithe. Más rud é, áfach, nach bhfuil an ghlanchumhacht uasta rátaithe agus an luas innill rátaithe comhfhreagrach éagsúil lena chéile ach amháin ó thaobh léarscáilithe innill éagsúla de, féadfar na feithiclí sin a mheas mar fheithiclí den chineál céanna;

2.9.3. An córas ciúnucháin.

3. Iarratas ar cheadú

3.1. Is é an monaróir nó a ionadaí atá creidiúnaithe go cuí a chuirfidh isteach an t-iarratas ar cheadú córais ciúnaithe sceite athchuir nó comhpháirteanna an chórais sin.

3.2. Beidh trí chóip de na doiciméid a luaitear faoi seo agus na sonraí seo a leanas ag gabháil leis:

3.2.1. Tuairisc ar na cineálacha feithicle ar a bhfuil sé beartaithe an córas sceite nó na comhpháirteanna a fheistiú, maidir leis na hítimí a luaitear i mír 2.7. thuas. Sonrófar na huimhreacha agus/nó na siombailí lena sainaithneofar an cineál innill agus an cineál feithicle agus an uimhir chineálcheadaithe feithicle, más gá;

3.2.2. Tuairisc ar an gcóras cóimeáilte ciúnaithe sceite a léiríonn suíomh coibhneasta gach comhpháirte den chóras, mar aon leis na treoracha gléasta:

3.2.3. Líníochtaí mionsonraithe de gach comhpháirt ciúnaithe sceite chun gur féidir í a aimsiú agus a shainaithint go héasca, agus sonraíocht an ábhair a úsáidtear.

3.2.4. Doiciméad faisnéise de réir fhoscríbhinn Iarscríbhinn 1.

3.3. Ar iarratas ón tSeirbhís Theicniúil a dhéanfaidh na tástálacha ceadaithe, cuirfidh monaróir an chórais ciúnaithe sceite isteach an méid seo a leanas:

3.3.1. Sampla den chóras ciúnaithe sceite nó de chomhpháirteanna ciúnaithe sceite a chuirtear isteach le haghaidh ceadaithe;

3.3.2. Sampla den chóras bunaidh ciúnaithe sceite a bhí feistithe ar an bhfeithicil nuair a cuireadh isteach í le haghaidh cineálcheadaithe;

3.3.3. Feithicil atá ionadaíoch don chineál ar a bhfuil an córas le feistiú; le bheith inghlactha, comhlíonfaidh an fheithicil sin ceanglais mhír 8.1 de Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe (Comhréireacht Táirgeachta). Chun mír 8.1 a chur i bhfeidhm, tá an tagairt do mhír 6. teoranta do mhíreanna 6.1. agus 6.2.

3.3.4. Inneall ar leithligh agus comhpháirteanna ag a bhfuil an toilleadh sorcóra céanna agus an ghlanchumhacht uasta rátaithe chéanna agus atá ag an bhfeithicil thuasluaite, nuair is infheidhme. Na modhanna is gá chun na tástálacha a shonraítear faoi mhír 6.3.4.1. agus/nó mír 6.4.3. a dhéanamh, beidh siad feistithe ar an inneall.

3.3.5. Déanfar uimhir chineálcheadaithe a shannadh do gach cineál córais ciúnúcháin athchuir, nó comhpháirteanna de, atá ceadaithe mar aonad teicniúil faoi leith; sonrófar uimhir an Rialacháin seo i roinn 3 den uimhir chineálcheadaithe. Thairis sin, má tá an córas ciúnúcháin athchuir beartaithe lena fheistiú ar chineálacha feithiclí a chomhlíonann teorainnluachanna Chéim 1 mar a thugtar i mír 6.2.2. de shraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe, cuirfear an carachtar 'A' i ndiaidh na huimhreach cineálcheadaithe. Má tá an córas ciúnúcháin athchuir beartaithe lena fheistiú ar chineálacha feithiclí a

chomhlíonann teorainnluachanna Chéim 2 mar a thugtar i mír 6.2.2. de shraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe, cuirfear an carachtar 'B' i ndiaidh na huimhreach cineálcheadaithe. Má tá an córas ciúnúcháin athchuir beartaithe lena fheistiú ar chineálacha feithiclí a chomhlíonann teorainnluachanna Chéim 3 mar a thugtar i mír 6.2.2. de shraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe, cuirfear an carachtar 'C' i ndiaidh na huimhreach cineálcheadaithe. Ní shannfaidh an Páirtí Conarthach céanna an uimhir chéanna do chineál córais ciúnúcháin athchuir eile ná do chomhpháirteanna de.

4. Marcanna

4.1. Beidh an méid seo a leanas ar gach comhpháirt den chóras ciúnaithe sceite athchuir, cé is moite d'fheadáin agus de chomhghabhálais ghléasta:

4.1.1. Trádainm nó trádmharc mhonaróir an chórais agus a chomhpháirteanna;

4.1.2. An tuairisc tráchtála a thug an monaróir.

4.2. Cuimseofar leis an marcáil freisin an carachtar 'A' má tá an córas ciúnúcháin athchuir beartaithe lena fheistiú ar chineálacha feithiclí a chomhlíonann teorainnluachanna Chéim 1 mar a thugtar i mír 6.2.2. de shraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe, nó an carachtar 'B' má tá an córas ciúnúcháin athchuir beartaithe lena fheistiú ar chineálacha feithiclí a chomhlíonann teorainnluachanna Chéim 2 mar a thugtar i mír 6.2.2. de shraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe, nó an carachtar 'C' má tá an córas ciúnúcháin athchuir beartaithe lena fheistiú ar chineálacha feithiclí a chomhlíonann teorainnluachanna Chéim 3 mar a thugtar i mír 6.2.2. de shraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe. Féach Iarscríbhinn 2 le haghaidh sampla de leagan amach an mhairc ceadaithe.

4.3. Beidh na marcanna ceadaithe sin soléite agus doscriosta.

5. Ceadú

5.1. Má chomhlíonann an cineál córais ciúnaithe sceite athchuir a chuirtear isteach le haghaidh ceadaithe de bhun an Rialacháin seo ceanglas mhír 6 thíos, deonófar ceadú don chineál sin.

5.2. Sannfar uimhir cheadaithe do gach cineál feithicle a cheadófar. Leis an gcéad dá dhigit (03 faoi láthair, rud a chomhfhreagraíonn do shraith leasuithe 03 ar an Rialachán), sonrófar an tsraith leasuithe ina n-ionchorpraítear na mórleasuithe teicniúla is déanaí dá ndearnadh ar an Rialachán tráth eisiúna an cheadaithe. Ní fhéadfaidh an Páirtí Conarthach céanna an uimhir chéanna a shannadh do chineál eile córais ciúnúcháin athchuir ná do chomhpháirt atá deartha don chineál céanna feithicle nó do na cineálacha céanna feithicle.

5.3. Fógra maidir le ceadú córais ciúnaithe sceite athchuir nó comhpháirteanna de chóras den chineál sin a cheadú nó a dhiúltú de bhun an Rialacháin seo, déanfar é a chur in iúl do na Páirtithe sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, trí bhíthin foirm atá i gcomhréir leis an tsamhail in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán, agus trí bhíthin líníochtaí den chóras ciúnaithe sceite nó de chomhpháirteanna a sholáthraíonn an t-iarratasóir le haghaidh ceadaithe, i bhformáid nach mó ná A4 (210 x 297 mm) nó atá fillte de réir na formáide sin agus ar scála iomchuí.

5.4. Greamófar marc ceadaithe idirnáisiúnta de gach comhpháirt de chóras ciúnaithe sceite a chomhlíonann cineál a cheadaítear faoin Rialachán seo agus beidh an méid seo a leanas sa mharc sin:

5.4.1. Ciorcal timpeall ar an litir ‘E’ agus ina dhiaidh sin, sainuimhir na tíre a dheonaigh an ceadú ([2]);

5.4.2. Ar thaobh na láimhe deise den chiorcal ar a dtugtar tuairisc i mír 5.4.1., uimhir an Rialacháin seo, agus ina dhiaidh sin, an litir ‘R’, dais agus an uimhir ceadaithe;

5.4.3. Luafar an uimhir cheadaithe san fhoirm cheadaithe, chomh maith leis an modh arna úsáid le haghaidh na dtástálacha ceadaithe.

5.5. Beidh an marc ceadaithe soléite agus doscriosta nuair a bheidh an córas ciúnaithe sceite gléasta ar an bhfeithicil.

5.6. Féadfar comhpháirt a mharcáil le níos mó ná uimhir cheadaithe amháin má ceadaíodh í mar chuid de níos mó ná córas ciúnaithe sceite athchuir amháin; sa chás sin, ní gá an ciorcal a athdhéanamh. In Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an Rialachán seo, tugtar sampla de leagan amach an mhairc ceadaithe.

6. Sonraíochtaí

6.1. Sonraíochtaí ginearálta

6.1.1. Dearfar agus tógfar an córas ciúnaithe sceite athchuir nó comhpháirteanna de, agus beifear in ann é a ghléasadh, ar bhealach a áiritheoidh go gcomhlíonfaidh an fheithicil forálacha an Rialacháin seo faoi ghnáthdhálaí úsáide, d’ainneoin aon chreathadh a bhféadfadh sé a bheith faoina réir.

6.1.2. Dearfar agus tógfar an córas ciúnaithe sceite nó comhpháirteanna de, agus beifear in ann é a ghléasadh sa chaoi go mbeidh frithsheasmhacht réasúnta aige in aghaidh na bhfeiniméan creimthe dá nochtar é, ag féachaint do dhálaí úsáide na feithicle, lena n-áirítear difríochtaí aeráide réigiúnacha.

6.1.3. Saintreoracha breise a bhaineann le crioscaíl agus córais ciúnaithe sceite ilmhodha atá inchoigeartaithe de láimh

6.1.3.1. Déanfar gach córas ciúnaithe sceite a thógáil ar dhóigh nach bhféadfaí sciatha, cóin scortha agus páirteanna eile arb é is príomhfheidhm dóibh a bheith mar chuid de na cuasáin ciúnaithe sceite nó na cuasáin leathnaithe a bhaint go héasca. I gcás nach bhfuil aon dul as páirt den sórt sin a ionchorprú, déanfar í a cheangal ar dhóigh nach mbeifear in ann í a bhaint go héasca (e.g. le gnáthfheistiú snáithithe) agus déanfar í a cheangal freisin ar dhóigh go ndéanfaí damáiste seasta/doleasaithe don chóimeáil dá mbainfí í.

6.1.3.2. Maidir le córais ciúnaithe sceite ag a bhfuil roinnt modhanna oibriúcháin is féidir a choigeartú de láimh, comhlíonfaidh siad na ceanglais go léir sna modhanna oibriúcháin go léir. Is éard a bheidh sna leibhéil fuaime tuairiscithe na leibhéil a bheidh mar thoradh ar an modh a bhfuil na leibhéil fuaime is airde ag baint leis.

6.2. Sonraíochtaí maidir le leibhéil fuaime

6.2.1. Coinníollacha tomhais

6.2.1.1. Ní mór an tástáil fuaime ar an gcóras ciúnaithe sceite agus ar an gcóras ciúnaithe sceite athchuir a dhéanamh leis na ‘gnáthbhoinn’ chéanna, mar a shainítear i mír 2 de Rialachán Uimh. 117 ó na Náisiúin Aontaithe. Ní cheadaítear na tástálacha a dhéanamh le boinn ‘úsáide speisialta’ nó le boinn ‘sneachta’ mar a shainítear in mír 2. de Rialachán Uimh. 117 ó na Náisiúin Aontaithe. D’fhéadfadh boinn den sórt sin leibhéal fuaime na feithicle a mhéadú nó bheadh tionchar ceilte acu ar an gcomparáid ar an bhfeidhmíocht laghdaithe torainn. Féadfar boinn athláimhe a úsáid ach ní foláir go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais dlí maidir lena n-úsáid sa trácht.

([2]) Atáirgtear sainuimhreacha na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú 1958 in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an Rún Comhdhlúite maidir le Déanmhas Feithiclí (R.E.3) doiciméad ECE/TRANS/WP.29/78/Rev.6, Iarscríbhinn 3 - https://unece.org/transport/standards/transport/vehicle-regulations-wp29/resolutions.

6.2.2. Déanfar feidhmíocht laghdaithe torainn an chórais ciúnaithe sceite athchuir nó feidhmíocht laghdaithe torainn chomhpháirteanna córais den chineál sin a fhíorú trí bhíthin na modhanna a dtugtar tuairisc orthu i míreanna 6.2.1., 6.2.2. agus 6.2.3. de Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe. Go háirithe, chun an pointe sin a chur i bhfeidhm, déanfar tagairt don tsraith leasuithe ar Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe a bhí i bhfeidhm tráth chineálcheadú na feithicle nua.

(a) Tomhas agus an fheithicil ag rith

Nuair a dhéantar an córas ciúnaithe sceite athchuir nó comhpháirteanna de a ghléasadh ar an bhfeithicil a dtugtar tuairisc uirthi i mír 3.3.3. thuas, comhlíonfaidh na leibhéil fuaime a bhainfear amach ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(i) Ní rachaidh an luach tomhaiste (arna shlánú go dtí an tslánuimhir is gaire) níos mó ná 1 dB(A) thar an luach cineálcheadaithe a fuarthas faoi Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe leis an gcineál feithicle lena mbaineann;

(ii) Ní rachaidh an luach a thomhaisfear (sula ndéanfar é a shlánú go dtí an tslánuimhir is gaire) níos mó ná 1 dB(A) thar an luach fuaime a thomhaisfear (sula ndéanfar é a shlánú go dtí an tslánuimhir is gaire) ar an bhfeithicil dá dtagraítear i mír 3.3.3. thuas, nuair atá sí feistithe le córas ciúnaithe sceite a fhreagraíonn don chineál a fheistítear ar an bhfeithicil nuair a chuirtear isteach í lena cineálcheadú faoi Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe.

I gcás ina roghnaítear comparáid dhíreach a dhéanamh idir an córas sceite athchuir agus an bunchóras, chun mír 3.1.2.1.4.2. agus/nó mír 3.1.2.2.1.2. d'Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe a chur i bhfeidhm, ceadaítear athrú giair a dhéanamh chuig luasghéaruithe níos airde agus níl sé éigeantach gairis leictreonacha ná gairis mheicniúla a úsáid chun an t-athrú síos sin a chosc. Má tharlaíonn sé go mbíonn leibhéal torainn na feithicle tástála faoi na coinníollacha sin níos airde ná na luachanna comhréireachta táirgeachta, déanfaidh an tSeirbhís Theicniúil cinneadh maidir le cé chomh hionadaíoch is atá an fheithicil tástála.

(b) Tomhas agus an fheithicil ina stad

Nuair a dhéantar an córas ciúnaithe sceite athchuir nó comhpháirteanna de a ghléasadh ar an bhfeithicil a dtugtar tuairisc uirthi i mír 3.3.3. thuas, comhlíonfaidh na leibhéil fuaime a bhainfear amach ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas:

(i) Ní rachaidh na luachanna a thomhaisfear (arna shlánú go dtí an tslánuimhir is gaire) níos mó ná 2 dB(A) thar an luach cineálcheadaithe a fuarthas faoi Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe leis an gcineál feithicle lena mbaineann;

(ii) Ní rachaidh na luachanna a thomhaisfear (sula ndéanfar slánú go dtí an tslánuimhir is gaire) níos mó ná 2 dB(A) thar an luach torainn a thomhaisfear (sula ndéanfar slánú go dtí an tslánuimhir is gaire) ar an bhfeithicil dá dtagraítear i mír 3.3.3. thuas, nuair atá sí feistithe le córas ciúnúcháin a fhreagraíonn don chineál a fheistítear ar an bhfeithicil nuair a chuirtear isteach í le haghaidh a cineálcheadaithe faoi Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe.

6.2.3. Forálacha Breise maidir le hAstaíochtaí Fuaime (FBAF)

6.2.3.1. Comhlíonfar ceanglais FBAF mhír 6.2.3. de Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe freisin maidir le NORESS, má tá sé deartha lena úsáid ar fheithiclí atá cineálcheadaithe de réir sraith leasuithe ar Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe, i gcás ina raibh FBAF ina chuid de chineálcheadú eisithe na feithicle.

Más gá FBAF a thástáil, ní mór na tástálacha sin agus na réamhthástálacha riachtanacha a dhéanamh i gcomhréir leis an tsraith leasuithe ar Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe, a bhí ina bonn le cineálcheadú eisithe na feithicle.

6.2.3.2. Má tá modhanna éagsúla, gníomhairí fuaime nó geoiméadrachtaí inathraitheacha ag NORESS, ní mór na tástálacha FBAF ar Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe a dhéanamh air freisin, má tá sé deartha lena úsáid ar fheithiclí atá cineálcheadaithe de réir sraith leasuithe ar Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe, i gcás nach raibh FBAF ina chuid de chineálcheadú eisithe na bhfeithiclí sin.

Ní mór na tástálacha FBAF sin agus na réamhthástálacha riachtanacha a dhéanamh i gcomhréir leis an tsraith iarbhír leasuithe ar Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe, arb é an bonn iarbhír é chun cineálcheaduithe na bhfeithiclí sin a eisiúint.

Astaíochtaí fuaime na feithicle atá feistithe le NORESS i ngnáthdhálaí tiomána ar bhóthar, ar dálaí iad atá éagsúil leis na dálaí faoinar rinneadh an tástáil chineálcheadaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn 3 agus in Iarscríbhinn 7 de Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe, ní imeoidh na hastaíochtaí fuaime sin ar bhealach suntasach ó thoradh na tástála.

6.2.3.3. Ní mór na tástálacha FBAF maidir le 6.2.3.2. a dhéanamh i dtéarmaí comparáide ar fheithicil, atá feistithe leis an tostóir sceite bunaidh agus NORESS (tástáil chúl le cúl). Ní mór tástálacha FBAF ar an bhfeithicil ar a bhfuil an tostóir sceite bunaidh feistithe a dhéanamh sa ghnáthmhodh oibríochta le haghaidh úsáid bóthair, is é sin na tástálacha sin a úsáidtear chun an fheithicil a chineálcheadú maidir le hastaíochtaí fuaime. Ní thógann na torthaí tástála sin ach an bonn comparáide le torthaí tástála FBAF na feithicle ar a bhfuil NORESS feistithe.

Le linn na dtástálacha sin, d'fhéadfadh an leibhéal fuaimbhrú céanna a bheith ag uasleibhéal fuaimbhrú NORESS le haghaidh gach dáil tástála agus atá ag tomhas na feithicle ar a bhfuil an tostóir sceite bunaidh feistithe mar a formheasadh.

6.2.3.4. Má tá tástálacha maidir le 6.2.3.1. nó 6.2.3.2. le déanamh le haghaidh NORESS gan roinnt modhanna oibriúcháin inroghnaithe ag an rothaí atá inchoigeartaithe de láimh nó go leictreonach, gan gníomhróirí fuaime nó gan geoiméadrachtaí athraitheacha, úsáidfear an fheithicil a dtugtar tuairisc uirthi i mír 3.3.3.

6.2.3.5. Má tá tástálacha FBAF maidir le 6.2.3.1. nó 6.2.3.2. le déanamh le haghaidh NORESS, ar a bhfuil roinnt modhanna oibriúcháin inroghnaithe ag an rothaí atá inchoigeartaithe de láimh nó go leictreonach, gníomhróirí fuaime nó geoiméadrachtaí athraitheacha feistithe, ní mór gach cineál feithicle de raon chur i bhfeidhm ceadaithe NORESS a thástáil i ngach modh inroghnaithe den fheithicil agus de NORESS.

6.2.3.6. Féadfaidh monaróir NORESS tástálacha FBAF maidir le 6.2.3.4. a dhéanamh.

Ní mór don tSeirbhís Theicniúil tástálacha FBAF maidir le 6.2.3.5. a dhéanamh. Ní mór torthaí tástála na dtomhas sin ar an bhfeithicil bhunaidh agus ar an bhfeithicil ar a bhfuil NORESS feistithe, agus sonraí ábhartha uile na dtástálacha sin a lua i dtuarascáil tástála na Seirbhíse Teicniúla.

6.2.3.7. Féadfaidh an tÚdarás Cineálcheadaithe a cheangal go bhfíorófar le haon tástáil ábhartha go gcomhlíonann NORESS ceanglais thuasluaite mhíreanna 6.2.3.1. go 6.2.3.6. Agus na tástálacha sin á ndéanamh, féadfaidh an t-údarás cineálcheadaithe bogearraí aonaid rialaithe NORESS a sheiceáil freisin, ar a bhfuil roinnt mhodhanna oibriúcháin inroghnaithe ag an rothaí atá inchoigeartaithe go leictreonach, gníomhróirí fuaime nó geoiméadrachtaí athraitheacha feistithe.

6.2.3.8. De bhreis ar thuarascáil tástála na Seirbhíse Teicniúla, soláthróidh an monaróir ráiteas i gcomhréir leis an bhfoscríbhinn d'Iarscríbhinn 7 a ghabhann le Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe go gcomhlíonann an cineál córais ciúnúcháin atá le ceadú ceanglais mhír 6.2.3. den Rialachán seo.

6.2.3.9. I gcás NORESS atá feistithe le roinnt modhanna oibriúcháin inroghnaithe ag an rothaí atá inchoigeartaithe de láimh nó go leictreonach, le gníomhróirí fuaime nó le geoiméadrachtaí athraitheacha, ní mór do mhonaróir NORESS doiciméadacht bhreise a sheoladh chuig an údarás ceadaithe ina mbeidh prionsabail mhionsonraithe agus rialú mionsonraithe ar NORESS i gcomhréir le mír 6.2.4.

6.2.4. Doiciméadacht bhreise le haghaidh NORESS atá feistithe le roinnt modhanna oibriúcháin inroghnaithe ag an rothaí atá inchoigeartaithe de láimh nó go leictreonach, le gníomhróirí fuaime nó le geoiméadrachtaí athraitheacha.

6.2.4.1. An pacáiste doiciméadachta breise a cheanglaítear le mír 6.2.3.9 lena gcuirtear ar chumas an údaráis ceadaithe meastóireacht a dhéanamh ar an straitéis nó ar na straitéisí um rialú astaíochtaí fuaime chun oibriú ceart NORESS a áirithiú.

Cuirfear ar fáil sa dá chuid seo a leanas é:

(a) An 'pacáiste foirmiúil doiciméadachta breise' is féidir a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara ach é a iarraidh;

(b) Coinneofar an 'pacáiste doiciméadachta breise leathnaithe' go hiomlán faoi rún.

6.2.4.2. Is féidir leis an bpacáiste foirmiúil doiciméadachta breise a bheith gairid, ar choinníoll go dtaispeántar fianaise ann gur sainaithníodh gach paraiméadar chun NORESS a rialú. Tabharfar tuairisc sa doiciméadacht bhreise ar oibríocht fheidhmiúil NORESS. Coinneoidh an t-údarás cineálcheadaithe an t-ábhar sin.

6.2.4.3. Cuimseofar sa phacáiste doiciméadachta breise leathnaithe faisnéis maidir le hoibriú gach Straitéise Breise maidir le hAstaíochtaí Fuaime (SBAF) agus oibriú na Straitéise maidir le hAstaíochtaí Bunfhuaime (SAB), lena n-áirítear tuairisc ar na paraiméadair arna mionathrú le haon mheasúnacht SBAF agus na coinníollacha teorann faoina n-oibríonn SBAF, agus léiriú ar cé na SBAF agus SAB is dócha a bheith gníomhach faoi choinníollacha na nósanna imeachta tástála a leagtar amach sa cheanglas FBAF is infheidhme de chuid Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe. Beidh gach modh oibríochta sa phacáiste doiciméadachta leathnaithe.

Coinneofar an 'pacáiste doiciméadachta méadaithe' go hiomlán faoi rún. Coinneoidh an tÚdarás Cineálcheadaithe an t-ábhar sin.

6.3. Feidhmíochtaí na feithicle a thomhas

6.3.1. Áiritheofar leis an gcóras ciúnaithe sceite athchuir nó le comhpháirteanna de go bhfuil feidhmíocht na feithicle inchomparáide leis an bhfeidhmíocht a baineadh amach le trealamh an bhunchórais ciúnaithe sceite nó le comhpháirt de.

6.3.2. Cuirfear an córas ciúnaithe sceite athchuir nó, ag brath ar rogha an mhonaróra, comhpháirteanna an chórais sin, i gcomparáid le trealamh an bhunchórais ciúnaithe sceite nó comhpháirteanna ciúnaithe sceite, a bhfuil bail nua orthu freisin, a gléasadh i ndiaidh a chéile ar an bhfeithicil a luaitear i mír 3.3.3. thuas.

6.3.3. Déanfar an fíorú tríd an gcúlbhrú a thomhas de bhun mhír 6.3.4 thíos.

Ní rachaidh an luach arna thomhas leis an gcóras ciúnaithe sceite athchuir thar 25 faoin gcéad os cionn an luacha arna thomhas leis an mbunchóras ciúnaithe sceite faoi na dálaí a luaitear thíos.

6.3.4. Modh tástála

6.3.4.1. Modh tástála le hinneall

Déanfar na tomhais ar an inneall dá dtagraítear i mír 3.3.4. thuas arna chúpláil le dinimiméadar. Agus an scóig oscailte go hiomlán, déanfar an binse a choigeartú chun an luas innill rátaithe (*S*) a fhreagraíonn do ghlanchumhacht uasta rátaithe an innill a fháil.

Chun an cúlbhrú a thomhas, léirítear in Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an Rialachán seo an fad a chuirfear an brúbhuacaire ón ilphíobán sceite.

6.3.4.2. Modh tástála le hinneall

Is ar an bhfeithicil dá dtagraítear i mír 3.3. thuas a dhéanfar na tomhais. Déanfar an tástáil ar an mbóthar nó ar dhinimiméadar rollála.

Agus an scóig oscailte go hiomlán, déanfar an t-ineall a lódáil d'fhonn an luas innill rátaithe (S) a fhreagraíonn do ghlanchumhacht uasta rátaithe an innill a fháil.

Chun an cúlbhrú a thomhas, léirítear in Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an Rialachán seo an fad a chuirfear an brúbhuacaire ón ilphíobán sceite.

6.4. Breis sonraíochtaí maidir le córais ciúnúcháin athchuir nó comhpháirteanna díobh ina bhfuil ábhair shnáithíneacha ionsúite fuaime.

6.4.1. Ginearálta

Ní fhéadfar ábhair shnáithíneacha ionsúite fuaime a úsáid i gcórais chiúnaithe sceite nó i gcomhpháirteanna díobh ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) Níl an gás sceite i dteagmháil leis na hábhair shnáithíneacha; nó más rud é

(b) Go mbaineann an córas ciúnaithe sceite nó na comhpháirteanna de leis an bhfine dheartha chéanna leis na córais nó na comhpháirteanna ar cruthaíodh ina leith, le linn an phróisis cineálcheadaithe i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin, nach bhfuil siad faoi réir meathlúcháin.

Mura gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha sin, cuirfear an córas iomlán ciúnaithe sceite nó comhpháirt de isteach le haghaidh gnáthchóireáil agus ceann de na trí shuiteáil agus nós imeachta a dtugtar tuairisc orthu thíos á úsáid.

Chun críche (b) thuas, measfar gur den fhine dheartha chéanna iad fine córais ciúnaithe sceite nó comhpháirteanna de nuair is ionann na saintréithe uile seo a leanas iontu:

(a) Sreabhadh glan gáis na ngás sceite a bheith ann tríd an ábhar snáithíneach ionsúiteach nuair a bhíonn sé i dteagmháil leis an ábhar sin;

(b) An cineál snáithíní;

(c) Más infheidhme, sonraíochtaí an cheanglóra;

(d) Meántoisí na snáithíní;

(e) Dlús pacáistíochta íosta na snáithíní i mbulc de réir kg/m3;

(f) An dromchla teagmhála uasta idir an sreabhadh gáis agus an t-ábhar ionsúiteach.

6.4.1.1. Oibríocht leanúnach bóthair ar feadh 10 000 km.

6.4.1.1.1. Tiomáint uirbeach a bheidh i gceist le 50 ± 20 % den oibríocht sin, agus cúrsaí fad-achair ar ardluas a bheidh sa chuid eile; is féidir clár comhfhreagrach raoin tástála a chur in ionad oibríochta leanúnaí bóthair.

Déanfar an dá chóras luais a mhalartú ar a laghad faoi dhó.

Áireofar 10 sos de 3 uair an chloig ar a laghad sa chlár iomlán tástála d'fhonn tionchar an fhuaraithe agus aon chomhdhlúthaithe a d'fhéadfadh a bheith ann a atáirgeadh.

6.4.1.2. Cóireáil ar bhinse tástála

6.4.1.2.1. Agus úsáid á baint as codanna caighdeánacha agus treoracha monaróra na feithicle á gcomhlíonadh, feisteofar an córas ciúnaithe sceite nó comhpháirteanna de ar an bhfeithicil dá dtagraítear i mír 3.3.3. den Rialachán seo nó ar an inneall dá dtagraítear i mír 3.3.4. den Rialachán seo. Sa chéad chás beidh an fheithicil gléasta ar dhinimiméadar rollála. Sa dara cás beidh an t-inneall cúpláilte le dinimiméadar.

6.4.1.2.2. Déanfar an tástáil i sé thréimhse de 6 uaire an chloig agus beidh sos 2 uair déag ar a laghad idir gach tréimhse d'fhonn tionchar an fhuaraithe agus aon chomhdhlúthaithe a d'fhéadfadh a bheith ann a atáirgeadh.

6.4.1.2.3. Le linn gach tréimhse 6 uair an chloig, cuirfear an t-inneall ag obair faoi na coinníollacha seo a leanas san ord seo a leanas:

(a) 5 nóiméad ar luas réchasta;

(b) Sraith aon uair an chloig faoi 1/4 den ualach ar 3/4 den uasluas rátaithe (*S*);

(c) Sraith aon uair an chloig faoi 1/2 den ualach ar 3/4 den uasluas rátaithe (*S*);

(d) Sraith 10 nóiméad faoi lánualach ar 3/4 den uasluas rátaithe (*S*);

(e) Sraith 15 nóiméad faoi 1/2 den ualach ar uasluas rátaithe (*S*);

(f) Sraith 30 nóiméad faoi 1/4 den ualach ar uasluas rátaithe (*S*).

Is éard a bheidh i ngach tréimhse dhá shraith sheicheamhacha de na sé choinníoll thuasluaite in ord comhleantach ó (a) go (f).

6.4.1.2.4. Le linn na tástála, ní dhéanfar an córas ciúnaithe sceite nó comhpháirteanna de a fhuarú le siorradh bréagach lena n-ionsamhlaítear gnáth-aershreabhadh mórthimpeall na feithicle.

Mar sin féin, ar iarraidh ón monaróir, féadfar an córas ciúnaithe sceite nó comhpháirteanna de a fhuarú ionas nach sárófar an teocht arna taifeadadh ag an ionraon agus an fheithicil ag rith ar uasluas.

6.4.1.3. Cóireáil trí fhrithbhualadh

6.4.1.3.1. Feisteofar an córas ciúnaithe sceite nó comhpháirteanna de ar an bhfeithicil dá dtagraítear i mír 3.3.3. den Rialachán seo nó ar an inneall dá dtagraítear i mír 3.3.4. den Rialachán seo. Sa chéad chás, beidh an fheithicil gléasta ar dhinimiméadar rollála agus sa dara cás beidh an t-inneall gléasta ar dhinimiméadar.

6.4.1.3.2. An gaireas tástála, a bhfuil léaráid mhionsonraithe de i bhFíor 3 den fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn 5 a ghabhann le Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe, beidh sé feistithe ag asraon an chórais ciúnaithe sceite. Tá aon ghaireas eile a tháirgeann torthaí coibhéiseacha inghlactha.

6.4.1.3.3. Déanfar an gaireas tástála a choigeartú sa dóigh is go ndéanfar sreabhadh an gháis sceite a stopadh agus a chur ar siúl arís leis an gcomhla mhearoscailte ar feadh 2 500 timthriall.

6.4.1.3.4. Osclóidh an chomhla nuair a shroichfidh cúlbhrú an gháis sceite luach idir 35 agus 40 kPa, arna thomhas 100 mm ar a laghad le sruth ón bhfeire intógtha. Dúnfaidh sí nuair nach bhfuil níos mó ná 10 faoin gcéad de dhifear idir an brú sin agus an luach cobhsaithe nuair a bhíonn an chomhla ar oscailt.

6.4.1.3.5. Socrófar an lasc aga-mhoillithe le haghaidh thréimhse an sceite gáis a thagann ó na forálacha a leagtar síos i mír 6.4.1.3.4. thuas.

6.4.1.3.6. Is é a bheidh i luas an innill 75 faoin gcéad den luas (*S*) ag a bhforbraíonn an t-inneall a ghlanchumhacht uasta rátaithe.

6.4.1.3.7. 50 faoin gcéad den ghlanchumhacht uasta rátaithe leis an scóig lánoscailte arna tomhas ag 75 faoin gcéad den luas innill rátaithe (*S*) a bheidh sa chumhacht a léirítear leis an dinimiméadar.

6.4.1.3.8. Beidh aon pholl draenála clúdaithe le linn na tástála.

6.4.1.3.9. Tabharfar an tástáil ar fad i gcrích laistigh de 48 uair. Más gá, beidh aon tréimhse fuaraithe amháin ann gach uair a chloig.

6.4.1.3.10. Tar éis na cóireála, déanfar an leibhéal torainn a sheiceáil de bhun mhír 6.2. thuas.

7. Síneadh a chur le ceadú

Féadfaidh monaróir an chórais ciúnaithe sceite nó a ionadaí atá creidiúnaithe go cuí iarraidh ar an Údarás Cineálcheadaithe a dheonaigh ceadú an chórais ciúnaithe sceite le haghaidh cineál feithicle amháin nó níos mó, an ceadú a leathnú chun cineálacha eile feithiclí a chumhdach.

Is é an nós imeachta a dtugtar tuairisc air i mír 3. thuas an nós imeachta. Cuirfear fógra faoin gceadú a leathnú (nó faoi dhiúltú do leathnú) in iúl do na Páirtithe sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm i gcomhréir leis an nós imeachta a shonraítear i mír 5.3. thuas.

8. An cineál córais ciúnaithe sceite a mhodhnú.

8.1. Cuirfear gach modhnú ar an gcineál córais ciúnaithe sceite athchuir in iúl don Údarás Cineálcheadaithe a cheadaigh an cineál córais ciúnaithe sceite. Ina dhiaidh sin, féadfaidh an tÚdarás sin ceann díobh seo a leanas a dhéanamh:

8.1.1. A mheas nach dócha go mbeidh éifeacht dhíobhálach shuntasach ag na mionathruithe a rinneadh; nó

8.1.2. Tuarascáil eile ar an tástáil a iarraidh ón tSeirbhís Theicniúil atá freagrach as na tástálacha a dhéanamh.

8.2. Déanfar dearbhú nó diúltú maidir le ceadú, lena sonrófar na mionathruithe, a chur in iúl de réir an nós imeachta a shonraítear i mír 5.3 thuas do na Páirtithe sa Chomhaontú a bhfuil an Rialachán seo á chur i bhfeidhm acu.

9. Comhréireacht táirgeachta

Beidh na nósanna imeachta comhréireachta táirgeachta i gcomhréir leo sin a leagtar amach sa Chomhaontú, Sceideal 1 (E/ECE/TRANS/505/Rev.1) agus na ceanglais seo a leanas ann:

9.1. Beidh gach córas ciúnaithe sceite athchuir a bhfuil marc ceadaithe air mar a fhorordaítear faoin Rialachán seo i gcomhréir leis an gcineál córais ciúnaithe sceite atá ceadaithe agus comhlíonfaidh sé ceanglais mhír 6. thuas. Chun críocha comhréireachta táirgeachta, beidh feidhm ag na teorainnluachanna a leagtar amach i mír 6 thuas le corrlach breise 1 dB(A).

9.2. Chun comhréireacht a fhíorú mar a fhorordaítear i mír 9.1. thuas, déanfar faireachán leordhóthanach ar an táirgeadh.

9.3. Déanfaidh sealbhóir an cheadaithe an méid seo a leanas, go háirithe:

9.3.1. A áirithiú go bhfuil nósanna imeachta ann chun cáilíocht na dtáirgí a rialú go héifeachtach;

9.3.2. Rochtain a bheith aige ar an trealamh rialaithe is gá chun comhréireacht gach cineáil ceadaithe a sheiceáil;

9.3.3. A áirithiú go dtaifeadfar sonraí faoi thorthaí tástála agus go mbeidh doiciméid a ghabhfaidh leo ar fáil go ceann tréimhse a chinnfear i gcomhréir leis an údarás cineálcheadaithe;

9.3.4. Anailís a dhéanamh ar thorthaí gach cineáil táirge chun cobhsaíocht shaintréithe an táirge a fhíorú agus a áirithiú, agus na hathruithe ceadmhacha a bhíonn ann sa táirgeadh tionsclaíoch á gcur san áireamh;

9.3.5. A áirithiú, le haghaidh gach cineáil táirge, go ndéanfar, ar a laghad, na tástálacha a fhorordaítear in Iarscríbhinn 5, mír 2;

9.3.6. A áirithiú go mbeidh sampláil eile agus tástáil eile ina dtoradh ar shampláil nó ar phíosaí tástála a thugann fianaise go bhfuil neamh-chomhlíonadh ann leis an gcineál tástála atá á mheas. Déanfar na bearta ar fad is gá chun an táirgeadh lena mbaineann a thabhairt chun comhréireachta in athuair.

9.4. An t-údarás cineálcheadaithe a dheonaigh cineálcheadú, féadfaidh sé an modh rialaithe comhréireachta is infheidhme maidir le gach aonad táirgthe a fhíorú tráth ar bith.

9.4.1. Ag gach iniúchadh cuirfear na leabhair tástála agus na taifid maidir le suirbhéanna táirgthe faoi bhráid an chigire cuairte.

9.4.2. Féadfaidh an cigire samplaí a ghlacadh go randamach agus déanfar tástáil orthu sin i saotharlann an mhonaróra. Féadfar an t-íosmhéid samplaí a chinneadh de réir thorthaí fhíorú an mhonaróra féin.

9.4.3. Nuair is cosúil nach bhfuil an leibhéal cáilíochta sásúil, nó gur gá fíorú a dhéanamh ar bhailíocht na dtástálacha a rinneadh agus mír 9.4.2. thuas á cur i bhfeidhm, roghnóidh an cigire samplaí atá le seoladh chuig an tSeirbhís Theicniúil a rinne na tástálacha cineálcheadaithe.

9.4.4. Féadfaidh an t-Údarás Cineálcheadaithe aon tástáil dá bhforordaítear sa Rialachán seo a dhéanamh.

9.4.5. Uair sa dá bhliain a dhéanfaidh an tÚdarás Cineálcheadaithe cigireachtaí de ghnáth. I gcás ina dtaifeadfar torthaí míshásúla le linn ceann de na cuairteanna sin, áiritheoidh an tÚdarás Cineálcheadaithe go ndéanfar gach beart is gá chun comhréireacht táirgeachta a athbhunú a luaithe is féidir.

10. Faisnéis le haghaidh úsáideoirí agus le haghaidh cigireachta teicniúla

Beidh doiciméad páipéir ag gabháil le gach córas ciúnúcháin athchuir, arna eisiúint ag monaróir an chórais ciúnúcháin athchuir nó ag a ionadaí. Beidh ar a laghad an fhaisnéis de réir Iarscríbhinn 6 a ghabhann leis an Rialachán seo sa doiciméad páipéir sin.

11. Pionóis mar gheall ar neamhchomhréireacht táirgeachta

11.1. Féadfar an ceadú a dheonaítear maidir le cineál córais ciúnaithe sceite de bhun an Rialacháin seo a tharraingt siar mura gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos i mír 9 thuas, nó má theipeann ar an gcóras ciúnaithe sceite nó ar na comhpháirteanna sna tástálacha dá bhforáiltear i mír 9.2. thuas.

11.2. Páirtí sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, má dhéanann sé ceadú a dheonaigh sé roimhe sin a tharraingt siar, tabharfaidh sé fógra láithreach faoi sin do na Páirtithe Conarthacha eile a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, rud a dhéanfaidh sé trí bhíthin cóip den fhoirm cheadaithe ar a bhfuil, ag an deireadh, i litreacha móra, an nóta 'ceadú tarraingthe siar' agus é sínithe agus dátaithe.

12. Scor cinntitheach den táirgeadh

Má scoireann sealbhóir an cheadaithe go hiomlán de chineál córais ciúnaithe sceite athchuir nó de chomhpháirteanna de chóras den chineál sin a mhonarú i gcomhréir leis an Rialachán seo, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Údarás Cineálcheadaithe a dheonaigh an ceadú. Ar an bhfógra ábhartha a fháil, cuirfidh an t-údarás sin na Páirtithe eile sa Chomhaontú a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm ar an eolas faoi sin trí bhíthin cóip den fhoirm cheadaithe ar a bhfuil, ag an deireadh, i litreacha móra, an nóta seo a leanas agus é sínithe agus dátaithe: 'táirgeadh scortha'.

13. Ainmneacha agus seoltaí na Seirbhísí Teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, agus ainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe

Na Páirtithe Conarthacha i gComhaontú 1958 a bhfuil an Rialachán seo á chur i bhfeidhm acu, cuirfidh siad in iúl do Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe ainmneacha agus seoltaí na seirbhísí teicniúla atá freagrach as tástálacha ceadaithe a dhéanamh, chomh maith le hainmneacha agus seoltaí na nÚdarás Cineálcheadaithe a dheonaíonn ceadú, údaráis ar chucu atá foirmeacha le cur lena ndearbhaítear ceadú nó síneadh, nó lena ndiúltaítear nó lena dtarraingítear siar ceadú, arna n-eisiúint i dtíortha eile.

14. Forálacha idirthréimhseacha

14.1. Ó dháta oifigiúil theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 03 a ghabhann leis an Rialachán seo, aon Pháirtí Conarthach a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dhiúltóidh sé cineálcheaduithe a dheonú nó a dhiúltú faoi shraith leasuithe 03 a ghabhann leis an Rialachán seo.

14.2. Ó 12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dheonóidh siad ceaduithe ach amháin má chomhlíonann an cineál comhpháirte nó an cineál aonaid theicniúil faoi leith atá le ceadú ceanglais shraith leasuithe 03 a ghabhann leis an Rialachán seo.

14.3. Ó 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm, ní dheonóidh siad síntí le haghaidh ceaduithe atá ann cheana ach amháin má chomhlíonann an cineál comhpháirte nó an cineál aonaid theicniúil ar leithligh atá le ceadú ceanglais shraith leasuithe 03 a ghabhann leis an Rialachán seo.

14.4 Fiú amháin i ndiaidh theacht i bhfeidhm shraith leasuithe 03 ar an Rialachán seo, beidh ceaduithe na gcomhpháirteanna agus na n-aonad teicniúil ar leithligh ar an tsraith leasuithe roimhe seo ar Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe bailí i gcónaí agus leanfaidh na Páirtithe Conarthacha a chuireann an Rialachán seo i bhfeidhm de ghlacadh leo.

IARSCRÍBHINN 1

Cumarsáid

(Formáid uasta: A4 (210 × 297 mm)



arna eisiúint ag: Ainm an údaráis riaracháin:
.....
.....
.....

Maidir le: (2) ceadú deonaithe

síneadh curtha leis an gceadú

ceadú diúltaithe

ceadú tarraingthe siar

táirgeadh scortha go cinntitheach

le haghaidh cineál córais ciúnaithe sceite athchuir nó comhpháirteanna córais den chineál sin de bhun Rialachán Uimh. 59 ó na Náisiúin Aontaithe

Uimhir Cheadaithe ..... Uimhir an tSínidh: .....

1. Trádainm nó trádmharc an chórais ciúnaithe sceite: .....
2. An cineál córais ciúnaithe sceite: .....
3. Ainm agus seoladh an mhonaróra: .....
4. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra, más infheidhme:
5. Tuairisc ghairid ar an gcóras ciúnaithe sceite (bíodh ábhar snáithíneach, geoiméadrachtaí athraitheacha, gníomhróir(í) fuaime, modhanna inchoigeartaithe etc. ann nó ná bíodh[2]) .....

   .....
6. Trádainm nó trádmharc an chineáil feithicle a bhfuil an córas ciúnaithe sceite beartaithe dó: .....
7. Cineál feithicle, ag tosú ón tsraithuimhir: .....
8. An cineál innill (e.g. adhaint dheimhneach, adhaint chomhbhrú, etc.): .....
9. Timthriallta: dhá bhuille/ceithre bhuille[2]
10. Toilleadh sorcóra: .....
11. Glanchumhacht uasta rátaithe (kW): .....
12. Líon na ngiaranna: .....
13. Giaranna a úsáidtear: .....
14. Cóimheasa tiomána deiridh: .....
15. Glanchumhacht uasta rátaithe: .....
16. Dálaí ualaigh na feithicle le linn na tástála: .....
17. Leibhéil fuaime:

(1) Sainuimhir na tíre a rinne ceadú a dheonú/a dhiúltú/a tharraingt siar nó a chuir síneadh leis an gceadú (féach forálacha maidir le ceadú sa Rialachán).

(2) Scrios amach an méid nach mbaineann le hábhar.

17.1 Feithicil ag gluaiseacht: ……dB(A)

17.2 Feithicil ina stad: …… dB(A) agus an t-inneall ag rith ag nóim^{-1} ……

18. Luach an chúlbhrú: ……

19. An córas ciúnaithe sceite curtha isteach:

Le ceadú an: ……

Síneadh le cur leis an gceadú an: ……

20. An tseirbhís theicniúil atá freagrach as na tástálacha ceadaithe: ……

21. Dáta na tuarascála a d'eisigh an tseirbhís sin: ……

22. Uimhir na tuarascála a d'eisigh an tseirbhís sin: ……

23. Ceadú deonaithe/diúltaithe: [2] ……

25. Áit: ……

26. Dáta: ……

27. Síniú: ……

28. Tá na doiciméid seo a leanas, a bhfuil an uimhir cheadaithe thuasluaite orthu, i gceangal leis an teachtaireacht seo:

Líníochtaí, léaráidí agus pleananna den chóras ciúnaithe sceite;

Grianghraif den chóras ciúnaithe sceite;

Liosta de na comhpháirteanna, arna sainaithint go cuí, lena gcomhdhéantar an córas ciúnaithe sceite.

Iarscríbhinn 1 - Aguisín

Doiciméad faisnéise Uimh. .... a bhaineann le cineálcheadú córas ciúnaithe sceite athchuir nó comhpháirteanna ciúnaithe sceite le haghaidh mótarfheithiclí (Rialachán Uimh. 59 ó na Náisiúin Aontaithe)

Soláthrófar trí chóip den fhaisnéis a leanas, más infheidhme, agus áireofar liosta ábhair léi. Soláthrófar aon líníocht ar scála iomchuí agus ar bhealach a bheidh mionsonraithe go leor ar pháipéar de mhéid A4 nó ar fhillteán i bhformáid A4. Ní mór mionsonraí leormhaithe a bheith le feiceáil i ngrianghraif, más ann dóibh.

Má tá rialtáin leictreonacha ag na córais chiúnaithe sceite nó ag na comhpháirteanna ciúnaithe sceite, soláthrófar faisnéis maidir lena bhfeidhmíocht.

0. Ginearálta

0.1. Déantús (trádainm an mhonaróra):

0.2 Cineál agus tuairiscí ginearálta tráchtála:

0.3. Modh sainaitheantais an chineáil, má tá sé marcáilte ar na córais chiúnaithe sceite nó ar chomhpháirteanna ciúnaithe sceite: ([1])

0.3.1. Suíomh na marcála sin agus modh an ghreamaithe

0.4. Ainm na cuideachta agus seoladh an mhonaróra:

0.5. Seoladh (nó seoltaí) na monarchan (monarchana) cóimeála:

0.6. Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra (más ann dó):

1. Tuairisc ar an bhfeithicil a mbeartaítear an fheiste dó (má tá sé beartaithe an fheiste a fheistiú ar níos mó ná cineál amháin feithicle, soláthrófar an fhaisnéis a iarrfar faoin bpointe seo le haghaidh gach cineáil lena mbaineann)

1.1. Déantús (trádainm an mhonaróra):

1.2. Cineál agus tuairiscí ginearálta tráchtála:

1.3. Modh sainaitheantais cineáil/cineálacha, má tá sé marcáilte ar an bhfeithicil:

1.4. Catagóir na feithicle/na bhfeithiclí:

1.5. Uimhir chineálcheadaithe/uimhreacha cineálcheadaithe feithicle:

1.6. Gléas chumhachta/gléasanna cumhachta:

1.6.1. Monaróir an innill:

1.6.2. Cód innill an mhonaróra:

1.6.3. Glanchumhacht uasta rátaithe (g): ..... kW ag ..... nóim $^{-1}$ nó uaschumhacht rátaithe leanúnach (mótar leictreach): ..... kW

1.6.4. Luchtaire/luchtairí brú: bunpháirt nó déantús agus marcáil: ([2])

([1]) Má tá carachtair nach bhfuil ábhartha chun tuairisc a thabhairt ar na cineálacha feithiclí a chumhdaítear leis an doiciméad faisnéise sin, déanfar na carachtair sin a léiriú sa doiciméad leis an siombail '?' (e.g, ABC??123??).

([2]) Scrios murab infheidhme.

1.6.5. Scagaire aeir: Bunpháirt nó déantús agus marcáil:[4]

1.6.6. Ciúnadóir/ciúnadóirí iontógála: Bunpháirt nó déantús agus marcáil:[4]

1.6.7. Ciúnadóir/ciúnadóirí sceite: Bunpháirt nó déantús agus marcáil:[4]

1.6.8. Catalaíoch: Bunpháirt nó déantús agus marcáil:[4]

1.6.9. Gaiste/gaistí cáithníní: Bunpháirt nó déantús agus marcáil:[4]

1.7. Traiseoladh

1.7.1. Cineál (meicniúil, hiodrálach, leictreach, etc.):

1.8. Feistí nach mbaineann leis an inneall ach atá ceaptha chun torann a laghdú: Bunpháirt nó tuairisc:[4]

1.9. Luachanna maidir le leibhéal fuaime:

feithicil atá ag gluaiseacht: ..... dB(A),

feithicil atá ina stad dB(A) ....., ag ..... nóim^{-1} *i modh* .....[2]

feithicil atá ina stad dB(A) ....., ag ..... nóim^{-1} *i modh* .....[2]

feithicil atá ina stad dB(A) ....., ag ..... nóim^{-1} *i modh* .....[2]

feithicil atá ina stad dB(A) ....., ag ..... nóim^{-1} *i modh* .....[2]

feithicil atá ina stad dB(A) ....., ag ..... nóim^{-1} *i modh* .....[2]

1.10. Luach an chúlbhrú: ..... Pa

1.11. Aon sriain maidir le húsáid agus ceanglais ghléasta:

2. Barúlacha

3. Tuairisc ar an bhfeiste

3.1. Tuairisc ar an gcóras ciúnúcháin athchuir a léiríonn suíomh coibhneasta gach comhpháirte den chóras, mar aon leis na treoracha gléasta.

3.2. Líníochtaí mionsonraithe de gach comhpháirt, ionas gur féidir iad a aimsiú agus a shainiú go héasca, agus tagairt do na hábhair arna n-úsáid. Léireofar sna líníochtaí sin an áit atá ar fáil le haghaidh ghreamú éigeantach an mhairc cineálcheadaithe

Dáta:

Sínithe:

Post sa chuideachta:

IARSCRÍBHINN 2

Leagan amach marcanna ceadaithe

(Féach mír 5.4 den Rialachán seo)



a = 8 mm ar a laghad

Léirítear leis an marc ceadaithe thuas atá greamaithe de chomhpháirt córais ciúnaithe sceite gur ceadaíodh an cineál córais ciúnaithe sceite athchuir lena mbaineann san Ísiltír (E 4) de bhun Rialachán Uimh. 59 ó na Náisiúin Aontaithe faoin uimhir cheadaithe 032439.

Léiríonn carachtar C gur deonaíodh an ceadú le haghaidh na dteorainnluachanna de réir chéim 3 mar a thugtar i mír 6.2.2. de shraith leasuithe 03 ar Rialachán Uimh. 51 ó na Náisiúin Aontaithe, agus ina dhiaidh sin dhá dhigit den uimhir cheadaithe a thugann le fios gur deonaíodh an ceadú i gcomhréir le ceanglais Rialachán Uimh. 59 ó na Náisiúin Aontaithe arna leasú le sraith leasuithe 03.

IARSCRÍBHIENN 3

Gaireas tástála



1. Feire nó muinchille ionraoin – ceangal le cúl an chórais iomláin ciúnaithe sceite atá le tástáil.
2. Comhla rialaithe (lámhoibrithe).
3. Taiscumar cúiteach ó 35 go 40 l.
4. Brúlasc 5 kPa go 250 kPa – chun ítim 7 a oscailt.
5. Lasc aga-mhoillithe – chun ítim 7 a dhúnadh.
6. Áiritheoir ríog.
7. Comhla mhearfreagartha – amhail comhla córais coscáin sceite atá 60 mm ar trastomhas, arna hoibriú le sorcóir neomatach ag a bhfuil aschur 120 N ag 400 kPa. Ní sháróidh an t-aga freagartha, maidir le hoscailt agus dúnadh na comhla, 0,5 soicind.
8. Folmhú gáis sceite
9. Píobán solúbtha
10. Brúthomhsaire

IARSCRÍBHINN 4

Pointí tomhais – Cúlbhrú

Samplaí de phointí féideartha tomhais le haghaidh tástálacha caillte brú. Sonrófar an pointe beacht tomhais sa tuarascáil tástála. Beidh sí i limistéar ina bhfuil sreabhadh rialta gáis.

Fíor 1

Píobán aonair



Fíor 2

Píobán atá cúplach i bpáirt ([1])



Fíor 3

Píobán cúplach



([1]) Mura bhfuil sé sin indéanta, féach ar Fhíor 3.
([2]) Dhá phointe tomhais, léamh amháin.

IARSCRÍBHINN 5

Seiceálacha ar chomhréireacht táirgeachta

1. Ginearálta

Tá na ceanglais seo comhsheasmhach le tástálacha atá le déanamh chun comhréireacht táirgeachta a sheiceáil, de réir mhíreanna 9.3.5. agus 9.4.3. den Rialachán seo.

2. Tástáil agus nósanna imeachta

Is iad na modhanna tástála, na huirlisí tomhais agus an léirmhíniú torthaí a dtugtar tuairisc orthu i mír 6 den Rialachán seo a úsáidfear. Cuirfear an córas sceite nó an chomhpháirt ciúnaithe sceite atá á thástáil faoi réir na tástála mar a dtugtar tuairisc orthu i míreanna 6.2., 6.3. agus 6.4. den Rialachán seo.

3. Sampláil agus meastóireacht a dhéanamh ar na torthaí

Ní mór córas ciúnaithe sceite amháin nó comhpháirt ciúnaithe sceite amháin a roghnú agus a chur faoi na tástálacha i mír 2. thuas. Má chomhlíonann torthaí na tástála na ceanglais maidir le comhréireacht táirgeachta atá i mír 9.1. den Rialachán seo, measfar go gcomhlíonann an cineál córais ciúnaithe sceite nó an cineál comhpháirte ciúnaithe sceite an chomhréireacht táirgeachta.

Mura gcomhlíonann ceann de na torthaí tástála ceanglais na comhréireachta táirgeachta atá i mír 9.1. den Rialachán seo, déanfar dhá chóras ciúnaithe sceite eile nó dhá chomhpháirt ciúnaithe sceite eile den chineál céanna a thástáil de bhun mhír 2. thuas.

Má chomhlíonann na torthaí tástála ón dara agus ón tríú córas ciúnaithe sceite nó ón dara agus ón tríú comhpháirt na ceanglais maidir le comhréireacht táirgeachta atá i mír 9.1. den Rialachán seo, measfar go gcomhlíonann an cineál córais ciúnaithe sceite nó an cineál comhpháirte ciúnaithe sceite an chomhréireacht táirgeachta.

Mura gcomhlíonann ceann de na torthaí tástála ón dara agus ón tríú córas ciúnaithe sceite nó ón dara agus ón tríú comhpháirt ciúnaithe sceite na ceanglais maidir le comhréireacht táirgeachta atá i mír 9.1. den Rialachán seo, measfar nach gcomhlíonann an cineál córais ciúnaithe sceite nó an cineál comhpháirte ciúnaithe sceite ceanglais an Rialacháin seo agus déanfaidh an monaróir na bearta is gá chun an chomhréireacht a athbhunú.

IARSCRÍBHINN 6

Faisnéis le haghaidh úsáideoirí agus le haghaidh cigireachta teicniúla

1. Beidh doiciméad arna eisiúint ag monaróir an chórais ciúnaithe sceite athchuir nó ag a ionadaí ag gabháil le gach córas ciúnaithe sceite athchuir. Beidh ar a laghad an fhaisnéis seo a leanas sa doiciméad sin:
   (a) uimhir chineálcheadaithe an chórais ciúnaithe sceite athchuir (is féidir an 5ú cuid ina sonraítear uimhir shínidh an chineálcheadaithe a fhágáil ar lár);
   (b) An marc cineálcheadaithe;
   (c) Déantús (trádainm an mhonaróra):
   (d) cineál agus tuairisc trádála agus/nó uimhir pháirte;
   (e) Ainm na cuideachta agus seoladh an mhonaróra:
   (f) Ainm agus seoladh ionadaí an mhonaróra (más ann dó);
   (g) Sonraí na bhfeithiclí a bhfuil an córas ciúnaithe sceite athchuir beartaithe dóibh:
      (i) Déanamh;
      (ii) Cineál;
      (iii) Uimhir chineálcheadaithe;
      (iv) Cód innill;
      (v) Glanchumhacht uasta rátaithe;
      (vi) Cineál traiseolta;
      (vii) aon sriain maidir leis na feithiclí inar féidir an córas a fheistiú.
   (h) Treoracha gléasta.

2. Má tá níos mó ná leathanach amháin sa doiciméad dá dtagraítear i mír 1, beidh tagairt don uimhir chineálcheadaithe ar a laghad ar gach leathanach.

3. Féadfar an fhaisnéis a bhaineann le mír 1 (g) agus mír 1 (h) a sholáthar ar shuíomh gréasáin an mhonaróra. Sa chás sin, léireofar sa doiciméad a ghabhann leis an gcóras ciúnaithe sceite athchuir an suíomh gréasáin ar a bhféadfar teacht ar an bhfaisnéis riachtanach agus í a phriontáil.